



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

13215/23
ADD 2

ECOFIN 902
FIN 937
UEM 250

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	19 Meán Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 545 final IARSCRÍBHINN 1 Part 2/2
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta: Ag bogadh ar aghaidh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 545 final IARSCRÍBHINN 1 Part 2/2.

Faoi iamh: COM(2023) 545 final IARSCRÍBHINN 1 Part 2/2



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.9.2023
COM(2023) 545 final

ANNEX 1 – PART 2/2

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta: Ag bogadh ar
aghaidh**

GA

GA

An Liotuáin

Chuir an Liotuáin a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 14 Bealtaine 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 2 Iúil 2021 agus formheas na Comhairle an 28 Iúil 2021, réitíodh an bealach chun EUR 2,2 billiún a eisíoc i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranniocaíocht uasta airgeadais don Liotuáin cothrom le dáta go EUR 2,1 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.

I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Liotuáin RRP leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Meitheamh 2023 chun an ranniocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe sa RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF, agus chun iasachtaí breise a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán RRF. Áirítear sa RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise a bhaineann le fuinneamh in- athnuaite, táirgeadh an toillte fuinnimh in- athnuaite a fhormhéadú agus tacú le hathchóiriú ar fhoirgnimh ilárásán, agus formhéadú ar iompar earraí troma trasna uiscebhealaí intíre. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na Liotuáine fós ar siúl tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.

Tá sé d'aidhm ag RRP tosaigh na Liotuáine, arb é an RRP é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus digiteach, leis an oideachas ginearálta agus leis an ngairmoideachas, leis an nuálaíocht agus leis an eolaíocht, le seirbhísí cúram sláinte, le comhlíonadh cánach, leis an gcoimirce shóisialta agus leis an bhfostaíocht. Tá sé comhdhéanta de 27 n- athchóiriú agus 3 infheistíocht dá bhfuil tacú ann ó thacaíocht neamh- inaisíoctha dar luach EUR 2,2 billiún, arb ionann agus 4 % de OTI na Liotuáine in 2021. D'eisíoc an Coimisiún EUR 289 milliún leis an Liotuáin i mí Lúnasa 2021 mar réamh- mhaoiniú faoi RRF.

Tá cur chun feidhme RRP na Liotuáine faoi lán seoil. An 30 Samhain 2022, chuir an Liotuáin iarratas ar eisíocaíocht dar luach EUR 649,5 milliún isteach, a bhain leis an gcéad tráthchuid de thacaíocht neamh- inaisíoctha. Ghlac an Coimisiún réamh- mheasúnú dearfach an 28 Feabhra 2023 le haghaidh 31 de na 33 gharsprioc lenar gcumhdaítear sé cinn de sheacht gcomhpháirt an phlean, agus rinneadh measúnú ar dhá gharsprioc a bhaineann le hathchóirithe cánach de bheith gan comhlíonadh sásúil. Aithníonn an Coimisiún na chéad chéimeanna atá déanta ag an Liotuáin cheana féin chun na garspriocanna gan chomhlíonadh sin a chomhlíonadh, cé go bhfuil obair nach beag fós le déanamh. Dá bhri sin, ghníomhachtaigh an Coimisiún an nós imeachta um 'íocaíochtaí a chur ar fionraí' lena dtugtar am breise don Liotuáin na garspriocanna sin a chomhlíonadh, agus íocaíocht pháirteach EUR 542,3 milliún (glan ar réamh-mhaoiniú) á fáil aige, ar íocaíocht í atá nasctha leis na garspriocanna a comhlíonadh go sásúil.

Léirítear sna graif a leanas staid na himeartha faoi láthair i leith na ngarspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an Liotuáin agus a measadh ina dhiaidh sin a bheith comhlionta go sásúil ag an gCoimisiún, agus áirítear samplaí de bhearta ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlionta sa bhosca thíos.

Samplaí de bhearta ábhartha ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlionta don Liotuáin

➤ **Athchóiriú**

Sheol an Liotuáin athchóiriú, arb éard is aidhm dó na ceanglais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus cosaint a shainiú le haghaidh na gcineálacha difriúla feithiclí glana. Tri theacht i bhfeidhm na leasuithe reachtacha ábhartha, thug an Liotuáin isteach méadú de réir a chéile go dtí deireadh 2025, agus go dtí deireadh 2030, ar líon na bhfeithiclí glana arna soláthar sa Liotuáin. Is céim thábhachtach í sin chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa de thoradh na hearnála iompair a laghdú.


➤ **Infheistíocht**

Sheol an Liotuáin córas TF lena ndéantar faireachán ar sciar na mbreoslaí in-athnuaite arna soláthar san earnáil iompair. Leis an ionstraim seo, sanntar líúntais chun breoslaí (in-athnuaite) a sholáthar sa Liotuáin, arb é is aidhm dóibh na hoibleagáidí breosla a chomhlíonadh. Le córas den sórt sin, is é an cuspóir soláthar na mbreoslaí in-athnuaite a mhéadú le himeacht ama agus leibhéal inbhuanaitheachta níos airde san earnáil iompair a bhaint amach.

Tacóidh an Liotuáin le breoslaí in-athnuaite a bhúí don RRF




Fíor 41: Eisiocáíocht in aghaidh an cholúin – an Liotuáin



Tabhair faoi deara: Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisiocáíocht, ar feadh na sé cholún beartais. Léirítear sa ghraf seo conas a bhaineann eisiocáíochtaí faoi RRF (gan réamh- mhaoiniú a áireamh) leis na colúin. Riomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisiocáíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) dá mbearta faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html


Fíor 42: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíochta arna heisioc faoi RRF – an Liotuáin



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo an méid deontas a eisiocadh go dtí seo faoi RRF, lena n- áirítear an réamh- mhaoiniú. **Tabhair faoi deara:** Léirítear sa ghraf seo an méid tacaíochta neamh- inaisíochta a eisiocadh go dtí seo faoi RRF, lena n- áirítear an réamh- mhaoiniú. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíochta a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRP faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Fíor 43: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – an Liotuáin



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna a comhlíonadh go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil a gharsprioc nó an sprioc bainte amach áige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Lucsamburg

Chuir Lucsamburg a phlean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) tosaigh isteach an 30 Aibreán 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2021 agus formheas na Comhairle an 13 Iúil 2021, réitíodh an bealach chun EUR 93,4 milliún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranníocaíocht uasta airgeadais do Lucsamburg cothrom le dáta thairis sin go méid EUR 82,7 milliún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.

I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir Lucsamburg RRP leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin an 11 Samhain 2022 chun a ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF. I bhfianaise a ranníocaíochta airgeadais laghdaithe, mhol Lucsamburg an clár um scileanna digiteacha a spriocdhírítear ar oibrithe i mbun scéimeanna oibre gearr- ama a bhaint den phlean, agus mhínigh nár chomhlíon sé na hionchais tosaigh i dtéarmaí éilimh. Mínítear an méid sin den chuid is mó le teacht aniar níos láidre ná mar a raibh coinne leis i ngeilleagar Lucsamburg in earrach 2021, agus líonta móra tairbhíthe ag filleadh ar chonarthaí lánaimseartha níos luaithe ná mar a raibh coinne leis. D'fhorhmeas an Coimisiún an RRP athbhreithnithe an 12 Nollaig 2022 agus d'fhorhmeas an Chomhairle é an 17 Eanáir 2023. Ní raibh aon Chaibidil REPowerEU curtha isteach tráth ullmhaithe na tuarascála bliantúla seo.

Tá sé d'aidhm ag RRF Lucsamburg atá i bhfeidhm faoi láthair aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann le scileanna, aeráid, digitiú, sláinte agus an sciúradh airgid a chomhrac. Tá sé comhdhéanta de 10 n- athchóiriú agus 11 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha dar luach EUR 83 mhilliún leo, arb ionann é agus 0,11 % den OTI. D'eisíoc an Coimisiún EUR 12,1 milliún i réamh- mhaoiniú an 3 Lúnasa 2021, suim atá coibhéiseach le le 13 % den leithdháileadh airgeadais.

Tá cur chun feidhme RRF Lucsamburg faoi lán seoil. Chuir Lucsamburg a chéad iarratas ar íocaíocht isteach an 28 Nollaig 2022, a chomhfhreagraíonn do 26 gharsprioc agus sprioc agus tháinig eisíocaíocht fhoriomlán dar luach EUR 25 mhilliún an 16 Meitheamh 2023 dá dtoradh. Leis na garspriocanna agus spriocanna a ndéantar measúnú dearfach orthu, léirítear céimeanna nach beag i gcur chun feidhme phlean Lucsamburg. Áirítear leis sin teacht i bhfeidhm an athchóirithe dar teideal 'Comhshocrú Tithíochta 2.0', a bhfuil sé d'aidhm aige soláthar na tithíochta cíos inacmhainne arna thairiscint ag bardais a mhéadú, infheistíochtaí do dhigitiú na hearnála poiblí agus d'fhorbairt na cumarsáide ultra - shláine, uas- sciliú an lucht saothair le seoladh an chláir 'FutureSkills' (scileanna don todhchái), chomh maith le hathchóiriú ar sholáthar feithiclé glana.

Léirítear sna graif a leanas staid na himeartha faoi láthair i leith na ngarspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag Lucsamburg agus a measadh ina dhiaidh sin a bheith comhlíonta go sásúil ag an gCoimisiún, agus áirítear samplaí de bhearta ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

**Samplaí de bhearta ábhartha ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlíonta do
Lucsamburg**


➤ **Athchóiriú**

Tháinig dlí lena mbunaítear ‘Naturpakt’ (páirceanna dúlra) i bhfeidhm in Lucsamburg. Is féidir le bardais conradh a shíniú leis an stát, ina ngeallann siad gníomhaíochtaí cosanta dúlra agus bithéagsúlachta a chur chun feidhme, arna roghnú ó shraith réamhshainithe gníomhaíochtaí féideartha, don tréimhse go dtí 2030, agus tacaíocht airgeadais agus theicniúil a fháil ón rialtas. Leis an athchóiriú seo neartaítear cosaint na n-éiceachóras agus an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí comhshaoil.

➤ **Infheistíocht**


Bhain Lucsamburg feidhm as leagan móibileach den suíomh gréasáin ‘MyGuichet.lu’: ardán le haghaidh idirghníomhaíochtaí idir saoránaigh agus gnólachtaí leis an riarachán poiblí. Leis an aip ceadaítear nósanna imeachta riaracháin a chomhlánú le fón póca. Is rannchuidiú tábhachtach é ‘MyGuichet’ i dtreo dhigitiú an riaracháin poiblí.

An aip MyGuichet le haghaidh nósanna imeachta riaracháin, le tacaíocht ón RRF



Cóipcheart: Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh i Lucsamburg


Fíor 44: Eisiocáocht in aghaidh an cholúin – Lucsamburg



Tabhair faoi deara: Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisiocáocht, ar feadh na sé cholún. Léirítear sa ghraf seo an chaoi a mbaineann eisiocáochtaí faoi RRF (gan réamh - mhaoiniú a áireamh) leis na colúin. Riomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisiocáocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) a mbeart faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Fíor 45: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíochta arna heisioc faoi RRF – Lucsamburg




deontas a eisiocadh go dtí seo faoi RRF, lena n- áirítear an réamh- mhaoiniú. **Tabhair faoi deara:** Léirítear sa ghraf seo an méid tacaíochta neamh- inaisíochta a eisiocadh go dtí seo faoi RRF, lena n- áirítear an réamh- mhaoiniú. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRF faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíochta a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRF faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF

https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Fíor 46: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – Lucsamburg



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna a comhlíonadh go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an garsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.

Foinse: Scórchlár RRF

https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

An Ungáir

Chuir an Ungáir a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 12 Bealtaine 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 30 Samhain 2022 agus formheas na Comhairle an 15 Nollaig 2022, réitíodh an bealach chun EUR 5,811 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 rinneadh an ranniocaíocht uasta airgeadais do gach Ballstát a thabhairt cothrom le dáta. I bhfianaise gur fhormheas an Chomhairle RRP na hUngáire tar éis an nuashonraithe sin, rinneadh méid nuashonraithe dar luach EUR 5,811 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha a chorprú in RRF.

I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Ungáir RRP leasaithe faoi bhrúid an Choimisiúin an 31 Lúnasa 2023 chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe san RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF agus chun iasachtaí breise a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán RRF. Áirítear sa RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU ina bhfuil athchóirithe agus infheistíochtaí breise agus méadaithe a bhaineann le toilleadh stórála fuinnimh a fhormhéadú, chun borradh a chur faoi chumas chóras fuinnimh na tíre foinsí in- athnuaite fuinnimh a chomhtháthú, chun tacú le forbairt an líonra leictreachais, agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh teaghlach, cuideachtaí, agus na hearnála poiblí. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na hUngáire fós ar siúl tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.

Áirítear le RRP na hUngáire clár faireacháin sláinte cianda do dhaoine scothaosta



Cóipcheart: Rialtas na hUngáire


Is mór é RRP na hUngáire. Arna fhormhuiniú i mí na Nollag 2022, ina bhfuil iomlán de EUR 5,8 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha, is ionann é agus timpeall 3,8 % de OTI na hUngáire in 2021. Áirítear sa plean bearta nach beag chun luas a chur faoin gcomhaistriú

glas agus digiteach, chomh maith le borradh a chur faoin athléimneacht eacnamaíoch, institiúideach agus shóisialta, lena n-áirítear an smacht reachta a neartú. Agus amhlaidh a dhéanamh, tugtar aghaidh ann ar fhothacar nach beag de na moltaí tír-shonracha a cuireadh ar an Ungáir san am atá caite. Formheasadh an plean de réir choinnioll cur chun feidhme lán agus éifeachtach na mbeart feabhais atá geallta ag an Ungáir faoin nós imeachta de bhun Rialachán (CE, Euratom) 2020/2092 agus na ngarspriocanna chun bainistíocht fhónta airgeadais ar bhuiséad an Aontais agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú. In éineacht le hathchóirithe eile um smacht reachta a bhaineann le neamhspleáchas na mbreithiúna, aistríodh na bearta sin ina 27 'sár-gharspíoc'.

De bharr a ghlactha mhall i mí na Nollag 2022, tá moill mhór curtha le cur chun feidhme RRP na hUngáire. Níor eisíodadh aon chiste go dtí seo leis an Ungáir faoi RRF óir níor chuir sí isteach a céad iarratas ar íocaíocht go fóill. Chun an plean a chur chun feidhme go pras agus go rianúil, bheadh gá le 27 ngarspíoc a chomhlíonadh a bhaineann le neamhspleáchas breithiúnach a neartú agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh faoin bplean go dtí go gcuirfear na garspriocanna sin chun feidhme go hiomlán agus i gceart.

Léirítear sna graif seo a leanas an sciar de chistí RRF arna leithdháileadh ar gach colún beartais in RRP na hUngáire.

Fíor 47: Sciar de chistí RRF arna leithdháileadh ar gach colún beartais – an Ungáir



Tabhair faoi deara: Rannchuidíonn gach beart le dhá réimse beartais de na sé cholún. Is ionann an leithdháileadh iomlán chuig gach colún a thaispeántar anseo dá bhri sin agus 200 % de chostas measta an RRP. Sa chuid iochtair léirítear méid an cholúin phríomha, agus sa chuid uachtair léirítear méid an cholúin tánaistigh.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Málta

Chuir Málta a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) tosaigh isteach an 13 Iúil 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2021 agus formheas na Comhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021, réitíodh an bealach chun EUR 316 milliún i dtacaíocht neamh- inaisíochta faoi RRF a eisíoc i rith na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranníocaíocht uasta airgeadais do Mhálta cothrom le dáta thairis sin go méid EUR 258 milliún i dtacaíocht neamh- inaisíochta.

I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir Málta RRP leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin an 26 Aibreán 2023 chun an ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe sa RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF. Áirítear sa RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU ina bhfuil athchóirithe agus infheistíochtaí breise a bhaineann le fuinneamh in- athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh. D'fhormheas an Coimisiún an RRP athbhreithnithe an 26 Meitheamh 2023 agus d'fhormheas an Chomhairle é an 14 Iúil 2023.

Tá sé d'aidhm ag RRP Mhálta atá i bhfeidhm faoi láthair aghaidh a thabhairt ar na príomh- dhúshláin a bhaineann leis an aeráid agus an fuinneamh, an t- aistriú digiteach, an tsláinte, an fhostaíocht, an t- oideachas, scileanna, beartais shóisialta, an ceartas, an cánachas, an comhrac in aghaidh na héillitheachta. Tá an RRP comhdhéanta de 31 athchóiriú agus 16 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíochta dar luach EUR 328,2 milliún leo, arb ionann í agus 2,2 % de OTI Mhálta in 2021. D'eisíoc an Coimisiún EUR 41,1 milliún do Mhálta i réamh- mhaoiniú an 17 Nollaig 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.

Tá cur chun feidhme RRP Mhálta faoi lán seoil. An 8 Márta 2023 thíolaic Málta iarratas amháin ar íocaíocht, a chomhfhreagraíonn do 19 ngarsprioc agus sprioc sa phlean agus tháinig eisíocaíocht fhoriomlán dar luach EUR 52,3 milliún (i ndeontais) dá dtoradh. Leis na 19 ngarsprioc agus sprioc ghaolmhara cumhdaítear bearta tábhachtacha amhail straitéis a ghlacadh chun an dramhail a laghdú san earnáil foirgníochta tríd an athchúrsáil, saoráidí oifige a bhunú chun cur ar chumas státseirbhísigh obair go cianda ar fud na tíre, athchóirithe chun borradh a chur faoin taighde agus infheistíochtaí tionsclaíocha, straitéis náisiúnta frith- chalaoise agus frith-éillitheachta agus athchóirithe chun an córas ceartais a dhigitiú. Tá gealltanais amach anseo sa RRP mar chomhlánú do bheagnach gach garsprioc agus sprioc atá nasctha le céad iarratas Mhálta ar íocaíocht. Déanfar measúnú orthu sin faoi iarratais ar íocaíocht ina dhiaidh sin.

Léirítear sna graif a leanas staid na himeartha faoi láthair i leith na ngarspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag Málta agus a measadh ina dhiaidh sin a bheith comhlionta go sásúil ag an gCoimisiún, agus áirítear samplaí de bhearta ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlionta sa bhosca thíos.

Samplaí de bhearta ábhartha ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlíonta do Mhálta

➤ ***Athchóiriú***

Ghlac Málta príomh- athchóiriú arbh é an cuspóir leis lucht saothair oile a fhorbairt i dtionscal na tógála agus na foirgníochta, agus feabhas ar chur ar rialú na hearnála. Tá Rialaitheoir Foirgneamh curtha ar bun le teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir leis an Údarás Tógála agus Foirgníochta: beidh sé freagrach as beartaís a eisiúint agus a fhorfheidhmiú, agus as oifig láraithe a sholáthar le gearáin a fháil agus a phróiseáil. Déanfaidh sé faireachán freisin ar fheidhmiú, sábháilteacht agus cáilíocht na bhfoirgneamh agus na n- oibreacha foirgníochta. Ina theannta sin, leis an athchóiriú méadaítear infhaighteacht na mball foirne cáilithe trí bhearta scilithe agus uas- scilithe a leathnú agus trí chárta scileanna a thabhairt isteach le haghaidh catagóirí gairmiúla nua is gá do thionscadail athchóirithe foirgneamh.

➤ ***Infheistíocht***


Chuir Málta i gcrích iniúchtaí feidhmíochta fuinnimh ar dhá fhoirgneamh scoile poiblí (Bunscoil Ghaxaq Choláiste Naomh Beinidict i Málta agus Bunscoil Nadur Choláiste Gozo) chun a n- aicme feidhmíochta fuinnimh a fháil amach agus chun bearta éifeachtúlachta fuinnimh is infheidhme a shainaithint. Tá athchóirithe ar siúl agus cuirfear i gcrích i lár 2024 iad. Seachas nuachóiriú a dhéanamh ar na saoráidí, a luaithe a bheidh gach beart feabhsúcháin maidir le héifeachtúlacht fuinnimh curtha chun feidhme, úsáidfidh na scoileanna 60 % níos lú d'fhuinneamh agus astóidh siad 60 % níos lú de dhé- ocsaíd charbóin ná roimhe seo.

Bunscoil in Nadur (Gozo) a bhfuil athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh á dhéanamh uirthi faoi RRF



Cóipcheart: Rialtas Mhálta


Fíor 48: Eisiocáíocht in aghaidh an cholúin – Málta



Tabhair faoi deara: Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisiocáíocht, ar feadh na sé cholún beartais. Léirítear sa ghráf seo conas a bhaineann eisiocáíochtaí faoi RRF (gan réamh-mhaoiniú a áireamh) leis na colúin. Riomhadh na méideanna a trí na garspíocanna agus na spíocanna a chumhdaítear le heisiocáíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolúin (priomhúil agus tánaisteach) dá mbearta faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html


Fíor 49: Foriomlán na tacaíochta neamh-inaisíochta arna heisioc faoi RRF – Málta



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo an méid deontas a eisiocadh go dtí seo faoin RRF, lena n-áirítear an réamh-mhaoiniú. **Tabhair faoi deara:** Léirítear sa ghraf seo an méid tacaíochta neamh-inaisíochta a eisiocadh go dtí seo faoi RRF, lena n-áirítear an réamh-mhaoiniú. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRF faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh-inaisíochta a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRF faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Fíor 50: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – Málta



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna a comhlíonadh go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an garsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

An Ísiltír

Chuir an Ísiltír a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) tosaigh isteach an 8 Iúil 2022. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2022 agus formheas na Comhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022, réitíodh an bealach chun EUR 4,7 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranníocaíocht uasta airgeadais do gach Ballstát cothrom le dáta. I bhfianaise gur chuir an Ísiltír isteach a RRP tar éis an athbhreithnithe sin, bhí an méid nuashonraithe dar luach EUR 4,7 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha curtha san áireamh cheana féin ag na húdaráis.

I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Ísiltír RRP leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin an 6 Iúil 2023 chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe sa RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF. Áirítear sa RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU ina bhfuil athchóiriú breise agus infheistíochtaí uas- scálaithe a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in- athnuaite. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na hÍsiltíre fós ar siúl tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.

Tá sé d'aidhm ag RRP tosaigh na hÍsiltíre, arb é an RRP é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus digiteach, an margadh tithíochta, margadh post an tsaothair, na pinsin, an t- oideachas, an cúram sláinte, dul i ngleic leis an bpleanáil ionsaitheach cánach, agus an troid in aghaidh sciúradh airgid. Tá sé comhdhéanta de 21 athchóiriú agus 28 n- infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha dar luach EUR 4,7 billiún leo, agus cuimsítear 0,58 % den OTI leis.

Is é is aidhm do RRP na hÍsiltíre tionscadail foirgníochta nua a scaoileadh




Cóipcheart: Rialtas na hÍsiltíre

Cé nár glacadh RRP na hÍsiltíre ach in 2022, tá a chur chun feidhme faoi lán seoil anois. Níor íocadh aon eisiocaíocht leis an Ísiltír go fóill. De bharr chur isteach mall an RRP, ní raibh an Ísiltír incháilithe don réamh- mhaoiniú. Braithfidh eisiocaíocht an leithdháilte don Ísiltír ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme an phlean. Cuideoidh an dul ar aghaidh le hidirbheartaíocht ar na socrúithe oibríochtúla le cur chun feidhme an phlean, agus is gá í chun an chéad iarratas ar íocaíocht a chur isteach, a bhfuil coinne leis faoi dheireadh 2023, agus chumhdófaí léi 33 gharspíoc agus spíoc lena rianaítear an dul chun cinn thar gach comhpháirt den RRP, a bhféadfadh eisiocaíocht dar luach suas le EUR 1,4 billiún teacht dá toradh. Tá an cur chun feidhme fós ar siúl, agus, ag an bpointe seo, is cosúil go bhfuil rioscaí neamh-ionsúcháin teoranta mar gheall ar an leithdháileadh airgeadais measartha beag.

Léirítear sna graif seo a leanas an sciar de chistí RRF arna leithdháileadh ar gach colún beartais in RRP na hÍsiltíre.

Fíor 51: Sciar de chistí RRF arna leithdháileadh ar gach colún beartais – an Ísiltír



Tabhair faoi deara: Rannchuidíonn gach beart le dhá réimse beartais de na sé cholún. Is ionann an leithdháileadh iomlán chuig gach colún a thaispeántar anseo dá bhri sin agus 200 % de chostas measta an RRF. Sa chuid iochtair léirítear méid an cholúin phríomha, agus sa chuid uachtar léirítear méid an cholúin tánaistigh.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

An Ostair

Chuir an Ostair a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 30 Aibreán 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2021 agus formheas na Comhairle an 13 Iúil 2021, réitíodh an bealach chun EUR 3,46 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranniocaíocht uasta airgeadais don Ostair cothrom le dáta thairis sin go méid EUR 3,75 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.

I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Ostair RRP leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin an 14 Iúil 2023 chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe sa RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF. Áirítear sa RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU ina bhfuil athchóirithe breise a bhaineann le luas a chur faoi cheadú na dtionscadal fuinnimh in- athnuaite, straitéis náisiúnta atá dírithe ar bhorradh a chur faoi tháirgeadh na hidrigin in- athnuaite, agus infheistíocht i suiteálacha fótvoltacha agus sa tsoghluaisteacht inbhuanaithe. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na hOstaire fós ar siúl tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.

Tá sé d'aidhm ag RRP tosaigh na hOstaire, arb é an RRF é atá fós i bhfeidhm: (i) aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis na haistrithe glasa agus digiteacha; agus (ii) an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta a neartú. Áirítear ann athchóirithe agus infheistíochtaí i réimsí rithábachtacha amhail an t- oideachas, scileanna, cúram sláinte, timpeallacht an ghnó, agus taighde agus nuálaíocht. Tá sé comhdhéanta de 27 n- athchóiriú agus 32 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha dar luach EUR 3,751 billiún leo, arb ionann é agus 0,93 % den OTI. D'eisíoc an Coimisiún EUR 450 milliún leis an Ostair i réamh- mhaoiniú an 28 Meán Fómhair 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.

Oifigigh ón gCoimisiún agus ón Ostair ag tabhairt cuairte ar láithreán foirgníochta lena nasctar Iarnród Koralm arna chistiú ag an RRF. Leis an iarnród ardluais déraonach, leictrithe, seo nasctar cathracha Graz agus Klagenfurt



Cóipcheart: Buanionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh san Ostair/APA- Fotoservice/Ferlin- Fiedler

Tá cur chun feidhme RRP na hOstaire faoi lán seoil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar chéad iarratas na hOstaire ar íocaíocht, ónar tháinig eisíocaíocht dar luach EUR 700 milliún i dtacaíocht airgeadais (glan ar réamh- mhaoiniú) an 20 Aibreán 2023. Cumhdaíonn na 44 gharsprioc ghaolmhar athchóirithe sa tsoghluaisteacht inbhuanaithe, éifeachtúlacht fuinnimh, an dícharbónú, an nascacht, scileanna, an t- oideachas, cosaint shóisialta, margadh saothair, an cánachas agus riarachán poiblí.

Léirítear sna graif a leanas staid na himeartha faoi láthair i leith na ngarspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an Ostair agus a measadh ina dhiaidh sin a bheith comhlionta go sásúil ag an gCoimisiún, agus áirítear samplaí de bhearta ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlionta sa bhosca thíos.

Samplaí de bhearta ábhartha ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlionta don Ostair

➤ **Athchóiriú**


I mí Dheireadh Fómhair 2021 thug an Ostair isteach an ‘KlimaTicket’, ar ticéad séasúir ráta chomhréidh é don iompar poiblí uile sa tír. Is féidir le húsáideoirí roghnú idir ticéad a bheidh baili ar fud na hOstaire, in dhá réigiún nó i réigiún amháin. Faoi dheireadh mhí Eanáir 2023, bhí níos mó ná 200 000 ticéad aeráide náisiúnta díolta. Tríd is tríd, tá ticéid iompair bhliantúla anois ag níos mó ná 13 % de gach duine a chónaíonn san Ostair.

➤ **Infheistíocht**

Tríd an gelár ‘Raus aus Öl und Gas’ (‘Amach leis an ola agus an gás’), **faigheann teaghlaigh tacaíocht airgeadais le córais téimh faoi thiomáint breosla iontaise a**

athsholáthar le teicneolaíocht an téimh in-athnuaite amháil teaschaidéil, téitheoirí bithmhais- bhunaithe nó naisc le téamh ceantair. Faoin gcéad iocaíocht tugadh tacaíocht do níos mó ná 6 000 tionscadal den sórt sin. Is í sprioc deiridh an RRP tacaíocht a thabhairt do níos mó ná 30 000 córas téimh nua. Leis an gclár infheistíochta tugtar rannchuidiú tábhachtach chun idiú fuinnimh chomh maith le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus aerthruailliú a laghdú.


Fíor 52: Eisiocáíocht in aghaidh an cholúin – an Ostair



Tabhair faoi deara: Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisiocáíocht, ar feadh na sé cholún beartais. Léirítear sa ghráf seo conas a bhaineann eisiocáíochtaí faoi RRF (gan réamh-mhaoiniú a áireamh) leis na colúin. Riomhadh na méideanna a ríomh trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisiocáíocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolún (príomhúil agus tánaisteach) dá mbearta faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html


Fíor 53: Foriomlán na tacaíochta neamh-inaisíochta arna heisioc faoi RRF – an Ostair



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghráf seo an méid tacaíochta neamh-inaisíochta a eisíodadh go dtí seo faoi RRF, lena n-áirítear an réam-mhaoiniú. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh-inaisíochta a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRF faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF
https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Fíor 54: Stádas comhlíontachta ngarspriocanna agus spriocanna – an Ostair



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghráf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna a comhlíonadh go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an garsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.

Foinse: Scórchlár RRF
https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Commented [OCS1]: This shape has been converted to an inline shape. Please check the position.

An Pholainn

Chuir an Pholainn a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 3 Bealtaine 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2022 agus formheas na Comhairle an 17 Meitheamh 2022, réitíodh an bealach chun EUR 23,9 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha agus EUR 11,5 billiún in iasachtaí faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2022-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranniocaíocht uasta airgeadais don Pholainn cothrom le dáta thairis sin go méid EUR 22,5 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.

I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Pholainn RRP leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin an 31 Lúnasa 2023 chun an ranniocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe san RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF, agus chun iasachtaí breise a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán RRF. Áirítear sa RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU ina bhfuil infheistíochtaí breise agus méadaithe a bhaineann le tacaíocht do líonraí tarchurtha leictreachais, foinsí fuinnimh in- athnuaite, stóráil fuinnimh, busanna astaíochtaí ísle agus nialasacha, feirmeacha gaoithe easchósta; tacú le hinstiúidí chun bearta REPowerEU a chur chun feidhme; líonraí dáileacháin leictreachais limistéir thuaithe a fhorbairt; bonneagar gáis a fhorbairt le héagsúlú an tsoláthair a chumasú ar mhaithe le leas an Aontais ina iomláine; chomh maith le hathchóirithe na gcomhphobal fuinnimh, gnéithe rialála atá nasctha leis an líonra dáileacháin agus bearta chun imscaradh teicneolaíochtaí don aistriú fuinnimh a éascú. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na Polainne fós ar siúl tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.

Tugtar aghaidh in RRF tosaigh na Polainne, arb é an RRF é atá fós i bhfeidhm, a formheasadh i mí an Mheithimh 2022, ar roinnt mhaith de na príomhdhúshláin atá os comhair na tíre. Tá bearta sa RRF atá struchtúrúla timpeall ar shé phríomhlimistéar beartais: an t- aistriú glas; digitiú; sláinte; iomaíochas agus nuálaíocht; iompar inbhuanaithe; agus cáilíocht na n- instiúidí. Meastar go bhféadfadh méadú idir 1,1 % agus 1,8 % teacht ar OTI faoin 2026 ó thionchar eacnamaíoch an chiste NextGenerationEU sa Pholainn, agus go nginfí suas le 105 000 post breise leis.


De réir RRF, thacaigh an Pholainn le hathsholáthar na gcuaillí plandála do leannlusanna inar úsáideadh leasathigh dhíobhálacha (créasóid).



De bharr a ghlactha mhall i mí an Mheithimh 2022, tá moill mhór curtha ar RRP na Polainne. Níor iocadh aon eisiocaíocht leis an bPolainn go fóill. De bharr chur isteach mall an RRP, ní raibh an Pholainn incháilithe don réamh-mhaoiniú. Braithfidh eisiocaíocht an leithdháilte don Pholainn ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme an phlean. Neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna a neartú agus cás na mbreithiúna ar a raibh tionchar ag cinní Dhlísheomra Araíonachta na Cúirte Uachtaraí i gcásanna araíonachta agus i gcásanna díolúine breithiúnaí a réiteach, is réamhchoinníoll iad sin chun go n-íocfaidh an Coimisiún aon iocaíocht leis an tír agus chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú, rud a chumasóidh cur chun feidhme pras leanúnach an phlean. Tá tús curtha ag an bPolainn le príomhbhearta in RRP a chur chun feidhme, lena n-áirítear athchóirithe i réimsí an chreata fhioscaigh, an chúraim sláinte, an aistrithe dhigitigh, na héifeachtúlachta fuinnimh agus an mhargaidh saothair.

Léirítear sna graif seo a leanas an sciar de chistí RRF arna leithdháileadh ar gach colún beartais in RRP na Polainne.

Fíor 55: Sciar de chistí RRF arna leithdháileadh ar gach colún beartais – an Pholainn



Tabhair faoi deara: Rannchuidíonn gach beart le dhá réimse beartais de na sé cholún. Is ionann an leithdháileadh iomlán chuig gach colún a thaispeántar anseo dá bhri sin agus 200 % de chostas measta an RRF. Sa chuid iochtair léirítear méid an cholúin phríomha, agus sa chuid uachtar léirítear méid an cholúin tánaistigh.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

An Phortaingéil

Chuir an Phortaingéil a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 22 Aibreán 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2021 agus formheas na Comhairle an 13 Iúil 2021, réitíodh an bealach chun EUR 13,9 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíochta (agus EUR 2,7 billiún in iasachtaí) faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Phortaingéil cothrom le dáta thairis sin go méid EUR 15,5 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíochta.

I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Phortaingéil RRF leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin an 26 Bealtaine 2023 chun an ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe san RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF, agus chun iasachtaí breise a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán RRF. Áirítear san RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU ina bhfuil athchóirithe agus infheistíochtaí breise a bhaineann le scileanna glasa, éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh, foinsí in- athnuaithe fuinnimh agus gás in- athnuaithe, iompar inbhuanaithe, an eangach leictreachais agus tionscal glas. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na Portaingéile fós ar siúl tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.

Tá sé d'aidhm ag RRP tosaigh na Portaingéile, arb é an RRP é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann le seirbhísí sóisialta, cúram sláinte, maoiniú gnólachtaí, an nuálaíocht, oideachas agus scileanna, inbhuanaitheacht fhioscach, agus na haistrithe glasa agus digiteacha. Tá sé comhdhéanta de 32 athchóiriú agus 83 shnáithe infheistíochta a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíochta dar luach EUR 13,9 billiún agus iasachtaí dar luach EUR 2,7 leo, arb ionann é agus 7,9 % den OTI. D'eisíoc an Coimisiún EUR 2,1 billiún leis an bPortaingéil i réamh- mhaoiniú an 3 Lúnasa 2021, suim atá coibhéseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.

Tá cur chun feidhme RRP na Portaingéile faoi lán seoil, ach tá baol ann go mbeidh moilleanna ann. Chuir an Phortaingéil dhá iarraidh ar íocaíocht isteach, ar iarrataí iad a chomhfhreagraíonn do 58 ngarsprioc agus sprioc atá sa phlean agus íocadh amach EUR 2,98 billiún san iomlán mar thoradh ar na hiarrataí sin. Is de chineál uailmhianach casta é RRP na Portaingéile. Tá rialachas láidir agus faireachán leanúnach ar an bplean rithábhachtach chun an baol moilleanna a íoslaghdú. Déanfar measúnú ar gharspriocanna agus spriocanna a bhaineann le hinfeistíochtaí móra lena n- áirítear sa tsláinte, tithíocht shóisialta agus soghluaisteacht inbhuanaithe, sna chéad iarratais eile ar íocaíocht. Áirítear leis na bearta a glacadh ó mhí na Nollag 2021, a bhí mar chuid den dara hiarratas ar íocaíocht, athchóirithe i réimsí ospidéal phoiblí a bhainistiú agus an aistrithe dhigitigh in earnálacha príobháideacha agus poiblí.

Léirítear sna graifa leanas staid na himeartha faoi láthair i leith na ngarspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an bPortaingéil agus a measadh ina dhiaidh sin a bheith

comhlionta go sásúil ag an gCoimisiún, agus áirítear samplaí de bhearta ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlionta sa bhosca thíos.

Samplaí de bhearta ábhartha ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlionta don Phortaingéil

➤ **Athchóiriú**

Tá sraith beart á cur chun feidhme ag an bPortaingéil chun freagairt níos fearr ar fhadhbanna atá os comhair na ngrúpaí is leochaílí. Ghlac sí dhá straitéis náisiúnta chun an bhochtaineacht a chomhrac agus luas a chur faoi chuimsiú na ndaoine faoi mhíchumais. Le cuimsiú daoine faoi mhíchumas a mhéadú, cuireadh roinn beart chun feidhme, lena n-áirítear cuimsiú daoine faoi mhíchumas le cinntí agus tionscadail a phríomhshruthú, agus an tSamhail Tacaíochta don Mhaireachtáil Neamhspleách a leathnú, lena soláthraítear cúnamh pearsanta agus tacaíocht d'fhostú daoine faoi mhíchumas.

Tacóidh an Phortaingéil le cuimsiú daoine faoi mhíchumais a bhfuil leathchóirithe RRF




➤ **Infheistíocht**

Tá roinnt beart á cur feidhme ag an bPortaingéil chun bacainní ar rochtain ar idirlíon ar ardchaighdeán sa timpeallacht scoile, agus teorainneacha ar úsáid an trealaimh teicneolaíochta agus dhigitigh a bhaint. Is é is aidhm do na bearta sin aghaidh a thabhairt ar an easpa trealaimh speisialaithe chun scileanna digiteacha a fhorbairt agus ar úsáid neamh-leordhóthanach na n-acmhainní digiteacha oideachasúla sa phróiseas foghlama agus sa phróiseas measúnúcháin. Shinigh an Phortaingéil conarthaí go háirithe

chun 600 000 riomhaire ghúine a fháil lena leithdháileadh ar scoláirí bunscoile agus iar- bhunscoile agus ar mhúinteoirí i líonra scoileanna poiblí na Portaingéile.


Fíor 56: Eisiocáocht in aghaidh an cholúin – an Phortaingéil



Tabhair faoi deara: Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisiocáocht, ar feadh na sé cholúin. Léirítear sa ghraf seo an chaoi a mbaineann eisiocáochtaí faoi RRF (gan réamh - mhaoiniú a áireamh) leis na colúin. Riomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisiocáocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolúin (príomhúil agus tánaisteach) a mbeart faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Fíor 57: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíochta arna heisíoc faoi RRF – an Phortaingéil




Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo an méid deontas a eisiocadh go dtí seo faoi RRF, lena n- áirítear an réamh- mhaoiniú. **Tabhair faoi deara:** Léirítear sa ghraf seo an méid tacaíochta neamh- inaisíochta a eisiocadh go dtí seo faoi RRF, lena n- áirítear an réamh- mhaoiniú. Cinntear méid foriomlán na ndeontas a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRF faoi seach. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíochta a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRF faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html


Fíor 58: Foriomlán na n- iasachtaí arna n- eisíoc faoi RRF – an Phortaingéil

Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo méid na n- iasachtaí a eisiocadh go dtí seo faoi RRF. Is ranníocáocht airgeadais in- aisíochta iad iasachtaí. Cinntear méid foriomlán na n- iasachtaí a thugtar do gach Ballstát trí mheasúin ar a iarratas ar iasacht agus ní féidir leis 6,8 % dá OIN in 2019 a sháru.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html



Fíor 59: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – an Phortaingéil



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna a comhlíonadh go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an gharsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

An Rómáin

Chuir an Rómáin a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) tosaigh isteach an 31 Bealtaine 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2021 agus formheas na Comhairle an 3 Samhain 2021, réitíodh an bealach chun EUR 14,2 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha agus EUR 14,9 billiún in iasachtaí faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Rómáin cothrom le dáta thairis sin go méid EUR 12,1 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha. Níor cuireadh aon athbhreithniú ar an bplean isteach tráth ullmhaithe na tuarascála bliantúla.

Tá sé d'aidhm ag RRF tosaigh na Rómáine, arb é an RRF é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis na haistrithe glasa agus digiteacha agus le hathléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta. Tá sé comhdhéanta de 64 athchóiriú agus 107 n- infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha dar luach EUR 14,24 billiún agus iasachtaí dar luach EUR 14,94 billiún leo, arb ionann é agus 12,15 % den OTI. D'eisíoc an Coimisiún EUR 3,79 billiún san iomlán leis an Rómáin i réamh- mhaoiniú an 2 Nollaig 2021 (don tacaíocht neamh- inaisíoctha) agus an 13 Eanáir 2022 (don iasacht), suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.

Tá cur chun feidhme phlean na Rómáine faoi lán seoil, ach tá baol ag méadú i gcónaí go mbeidh moilleanna ann. Chuir an Rómáin dhá iarratas ar íocaíocht, a chomhfhreagraíonn do 72 gharsprios agus sprioc sa phlean ar tháinig eisíocaíocht dar luach EUR 2,6 billiún (glan ar réamh- mhaoiniú) dá dtoradh an 27 Deireadh Fómhair 2022 don chéad iarratas ar íocaíocht. An 27 Meitheamh 2023, ghlac an Coimisiún réamh- mheasúnú dearfach le haghaidh 49 as 51 gharsprios agus sprioc a clúdaiodh sa dara hiarratas ar íocaíocht, agus rinneadh measúnú ar dhá gharsprios a bhaineann le hinfeistíochtaí fuinnimh gan a bheith comhlíonta go sásúil. Níor glacadh an measúnú deiridh go fóill tráth ullmhaithe na tuarascála bliantúla seo.

Léirítear sna graif a leanas staid na himeartha faoi láthair i leith na ngarspriosanna agus na spriosanna atá le baint amach ag an Rómáin agus a measadh ina dhiaidh sin a bheith comhlíonta go sásúil ag an gCoimisiún, agus áirítear samplaí de bhearta ag a bhfuil garspriosanna agus spriosanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de bhearta ábhartha ag a bhfuil garspriosanna agus spriosanna comhlíonta don Rómáin

➤ Athchóiriú

Ghlac an Rómáin an Clár Náisiúnta agus thosaigh sí ar a chur chun feidhme chun luathfhágáil na scoile a laghdú, lena n- áirítear Sásra Luathrabhaidh san Oideachas (MATE) le haghaidh gach scoil atá rannpháirteach sa chlár. Is é is aidhm don chlár éirí scoláirí as an scoil a laghdú, rátaí rannpháirtíochta níos airde sna scrúduithe náisiúnta a bhaint amach agus céatadán níos airde de scoláirí ag críochnú an oideachais éigeantaigh.

Leis an uirlis TF (teicneolaíocht na faisnéise) Sásra Luathrabhaidh san Oideachas (MATE), ceadaítear scoláirí i mbaol na luathfhágála scoile a shainathint agus tacaítear le scoileanna i mbailiú sonraí, pleananna oibre pearsantaithe, agus oiliúint.


Is é is aidhm don Sásra Luathrabhaidh san Oideachas arna chistiú ag RRF feabhas a chur ar thorthaí meastóireachta



➤ ***Infheistíocht***

Thosaigh an Rómáin ar infheistíocht a chur chun feidhme le feabhas a chur ar chánachas agus ar phróisis riaracháin cánach, lena n-áirítear bainistíocht riosca chomhtháite. Ba cheart feabhas a chur leis an infheistíocht ar chomhlíonadh cánach agus ar bhailiú cánach, agus dálaí margaidh iomaíocha a n-áirithiú. Mar an chéad chéim den infheistíocht, tá 150 000 scipéad airgid nasctha le córas leictreonach na Gníomhaireachta Náisiúnta um Riarachán Fioscach. Cuirtear an bhéim go háirithe ar an gcalaois i réimse na trádála agus ar rannchuidiú le bearna fhíorard CBL na Rómáine a laghdú.


Fíor 60: Stádas comhlíontachta garspriocanna agus spriocanna – an Rómáin



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghráf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna a comhlíonadh go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an gharsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Fíor 61: Eisiocaiocht in aghaidh an cholúin – an Rómáin



Tabhair faoi deara: Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisiocaiocht, ar feadh na sé cholún beartais. Léirítear sa ghráf seo conas a bhaineann eisiocaiochtaí faoi RRF (gan réamh-mhaoiniú a áireamh) leis na colúin. Ríomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisiocaiocht faoi leith a nascadh le cibeáil na gcolúin (príomhúil agus tánaisteach) dá mbearta faoi seach.



Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Fíor 62: Foriomlán na tacaíochta

neamh-inaisíochta arna heisioc faoi RRF – an Rómáin

Fíor 63: Foriomlán na n-iasachtaí arna

n-eisioc faoi RRF – an Rómáin



An tSlóivéin

Chuir an tSlóivéin a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 30 Aibreán 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 1 Iúil 2021 agus formheas na Comhairle an 28 Iúil 2021, réitíodh an bealach chun EUR 1,8 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha agus EUR 0,7 billiún in iasachtaí faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don tSlóivéin cothrom le dáta thairis sin go méid EUR 1,5 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.

I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an tSlóivéin RRP leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin an 14 Iúil 2023 chun an ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe sa RRP a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF. An 31 Lúnasa 2023, d'iarr an tSlóivéin iasachtaí breise agus tabhairt isteach iasachtaí an athuair le haghaidh bearta tuilte freisin, a raibh sí ag beartú a tharscaoileadh laistigh den athbhreithniú a cuireadh isteach an 14 Iúil, i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán RRF. Áirítear sa RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU ina bhfuil athchóirithe agus infheistíochtaí breise a bhaineann leis an bhfuinneamh in- athnuaithe, soghluaisteach inbhuanaithe, dícharbónú thionscal na Slóivéine, agus éifeachtúlacht fuinnimh. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na Slóivéine fós ar siúl tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.

Tá sé d'aidhm ag RRF tosaigh na Slóivéine, arb é an RRF é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an dá aistriú, cúram sláinte, cúram fadtéarmach agus an margadh saothair. Tá sé comhdhéanta de 33 athchóiriú agus 50 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha dar luach EUR 1,49 billiún agus iasachtaí dar luach EUR 705 mhilliún leo, arb ionann é agus 3,7 % den OTI. D'eisíoc an Coimisiún EUR 231 mhilliún leis an tSlóivéin i réamh- mhaoiniú an 17 Meán Fómhair 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.

Tá cur chun feidhme phlean na Slóivéine faoi lán seoil, ach tá baol ag méadú i gcónaí go mbeidh moilleanna ann. Chuir an tSlóivéin iarraidh amháin ar íocaíocht isteach, a chomhfhreagraíonn do 12 garsprioc agus sprioc sa phlean, agus tháinig eisíocaíocht fhoriomlán dar luach EUR 49,6 milliún dá dtoradh an 20 Aibreán 2023. Cumhdaíonn an 12 garsprioc ghaolmhara athchóirithe i réimsí an aistrithe dhigitigh, na timpeallachta gnó, institiúidí poiblí éifeachtúla, agus an chúraim fhadtéarmaigh. Chun dlús a chur le cur chun feidhme RRF na Slóivéine sa timpeallacht dhúshlánach atá ann faoi láthair, is gá struchtúr rialachais agus cumas riaracháin na Slóivéine a neartú, chomh maith lena áirithiú go ndéanfar na cinntí is gá gan mhoill. Baineann sé sin go háirithe le hathchóirithe struchtúracha ar chúram sláinte, ar chúram fadtéarmach, ar phinsin agus ar chánachas.

Léirítear sna graif a leanas staid na himeartha faoi láthair i leith na ngarspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an tSlóivéin agus a measadh ina dhiaidh sin a bheith

comhlionta go sásúil ag an gCoimisiún, agus áirítear samplaí de bhearta ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlionta sa bhosca thíos.

Samplaí de bhearta ábhartha ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlionta don tSlóivéin

➤ **Athchóiriú**

Ghlac an tSlóivéin an chéad Ghníomh maidir le Dí- mhaorlathú, arb éard is aidhm dó bacainní riaracháin don eanáil ghnó agus do shaoránaigh a laghdú. Ar an bhforiomlán, leasaítear leis an nGníomh deich ndlí náisiúnta eile, agus aisghairtear os cionn dhá chéad dlí agus fodhlí. Laghdaiodh acquis na Slóivéine 10 %. Tháinig costas níos ísle de nósanna imeachta riaracháin dá thoradh freisin, rud a rannchuirfidh le hiomaíochas méadaithe gnólachtaí sa tSlóivéin.


➤ **Infheistíocht**

Sheol an tSlóivéin glao ar thograí le haghaidh léiriú spéise i dtionscadal nua maidir le 'néalríomhaireacht den chéad ghlúin eile'. Rannchuideoidh an tionscadal seo leis an tionscadal trasteorann agus iltíre maidir le Bonneagar agus Seirbhísí Sonraí Comhchoiteanna na hEorpa.

Is é is aidhm fhoriomlán don infheistíocht RRFrochtain iomaíoch, chóir agus inbhuanaithe ar néalacmhainneacht a áirithiú ó aon chearn den Aontas



Fíor 64: Eisiocaiocht in aghaidh an cholúin – an tSlóivéin



Tabhair faoi deara: Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisiocaiocht, ar feadh na sé cholún beartais. Léirítear sa ghraf seo conas a bhaineann eisiocaiochtaí faoi RRF (gan réamh-mhaoiniú a áireamh) leis na colúin. Riomhadh na méideanna trí na garspíocanna agus na spíocanna a chumhdaítear le heisiocaiocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolúin (priomhúil agus tánaisteach) dá mbearta faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Fíor 66: Stádas comhlíontachta garspíocanna agus spíocanna – an tSlóivéin



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo an méid tacaíochta neamh-inaísíochta a eisiocadh go dtí seo faoi RRF, lena n-áirítear an réamh-mhaoiniú. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh-inaísíochta a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRF faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF

https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspíocanna agus na spíocanna a comhlíonadh go sásúil. Comhlíontar garspíoc nó spíoc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an garspíoc nó an spíoc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúnú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.

Foinse: Scórchlár RRF

https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

An tSlóvaic

Chuir an tSlóvaic a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) tosaigh isteach an 29 Aibreán 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2021 agus formheas na Comhairle an 13 Iúil 2021, réitíodh an bealach chun EUR 6,3 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don tSlóvaic cothrom le dáta thairis sin go méid EUR 6 bhilliún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.

I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an tSlóvaic RRF leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin an 26 Aibreán 2023 chun a ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF, chun freastal a dhéanamh ar chúinsí oibiachtúla dá mbarr nach féidir a thuilleadh garspriocanna agus spriocanna áirithe sa RRF a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán RRF. Áiríodh sa RRF athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU ina bhfuil athchóirithe agus infheistíochtaí breise lena gcumhdaítear cúig réimse théamacha: foinsí in- athnuaite fuinnimh agus eangacha, éifeachtúlacht fuinnimh, an t- iompar, scileanna glasa agus an chumarsáid agus an comhordú. D'fhormheas an Coimisiún an RRF athbhreithnithe an 26 Meitheamh 2023 agus d'fhormheas an Chomhairle é an 14 Iúil 2023.

Tá sé d'aidhm ag RRF na Slóvaice atá i bhfeidhm faoi láthair aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas, an t- oideachas, taighde agus nuálaíocht, an tsláinte agus cúram fadtéarmach, riarachán poiblí agus leis an aistriú digiteach. Tá sé comhdhéanta de 64 athchóiriú agus 60 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha dar luach EUR 6,4 billiún leo, arb ionann é agus 6,4 % de OTI na Slóvaice in 2021. D'eisíoc an Coimisiún EUR 822,7 milliún leis an tSlóvaic i réamh- mhaoiniú an 13 Deireadh Fómhair 2021, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.

Tá cur chun feidhm RRF na Slóvaice faoi lán seoil go dtí seo, ach beidh roinnt dúshlán roimhe amach anseo. Le linn na bliana 2022, chuir an tSlóvaic dhá iarratas ar íocaíocht isteach. An 29 Iúil 2022, d'eisíoc an Coimisiún EUR 398,7 milliún eile i dtacaíocht neamh- inaisíoctha leis an tSlóvaic, bunaithe ar bhaint amach shásúil na tíre na gcéad 14 gharsprioc den RRF. An 22 Márta 2023, d'eisíoc an Coimisiún EUR 708,8 milliún eile i dtacaíocht neamh- inaisíoctha, tar éis don tSlóvaic 14 gharsprioc agus 2 sprioc a bhaint amach go sásúil. Dá thoradh sin, tá an tSlóvaic i measc na mBallstát ag a bhfuil an dul chun cinn is tapa i gcur chun feidhme an RRF, ach d'fhéadfadh fadhbanna teacht sa mhullach uirthi de bharr scrogaill san acmhainneacht riaracháin.

Léirítear sna graif a leanas staid na himeartha faoi láthair i leith na ngarspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach ag an tSlóvaic agus a measadh ina dhiaidh sin a bheith comhlíonta go sásúil ag an gCoimisiún, agus áirítear samplaí de bhearta ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlíonta sa bhosca thíos.

Samplaí de bhearta ábhartha ag a bhfuil garspriocanna agus spriocanna comhlíonta don tSlóvaic

➤ ***Athchóiriú***

Thug an tSlóvaic reachtaíocht nua isteach chun soláthar an chúraim phríomhúil d'aoisigh, leanaí agus óige a athchóiriú, trí fheabhas a chur ar an gcaoi a sainítear an líonra lia- chleachtóirí agus péidiatraithe. Cuirtear san áireamh leis paraiméadair shonracha, amhail an líon daoine faoi árachas agus an líon dochtúirí a oibríonn i gceantar faoi leith. Cuideoidh an t- athchóiriú chun infhaighteacht seirbhísí liachta a chumhdach ar bhealach níos fearr i ngach ceantar agus dúiche den tSlóvaic.

An lia- chleachtóir an Dr. Laurov ag bunú oifig liachta nua le cúnamh ón RRF i mbardas Zlaté Moravce




Cóipcheart: Údarás Náisiúnta Forfheidhmíocháin agus Comhordúcháin (NICA) de chuid Phoblacht na Slóvaice.

➤ ***Infheistíocht***

Le feabhas a chur ar a gcuid scileanna digiteacha, chuir an tSlóvaic tionscadal píolótach chun feidhme le haghaidh oiliúint i scileanna digiteacha a chur ar sheanóirí agus ar dhaoine faoi mhíbhuntáiste. Bhí an tionscadal comhdhéanta de chlár oiliúna spriocdhírthe a sholáthar do 1 000 duine, agus trealamh digiteach a dháileadh ina dhiaidh sin. Ba é ab aidhm don tionscadal píolótach measúnú a dhéanamh ar shainriachtanais an spriocghrúpa, na gníomhaíochtaí oiliúna a bhí molta a bhailíochtú, agus measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht fhiseolaíoch an trealamh teicneolaíochta.


Fíor 67: Eisiocaiocht in aghaidh an cholúin – an tSlóvaic



Tabhair faoi deara: Léirítear dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF i ngach eisiocaiocht, ar feadh na sé cholúin beartais. Léirítear sa ghraf seo conas a bhaineann eisiocaiochtaí faoi RRF (gan réamh-mhaoiniú a áireamh) leis na colúin. Ríomhadh na méideanna trí na garspriocanna agus na spriocanna a chumhdaítear le heisiocaiocht faoi leith a nascadh le clibeáil na gcolúin (príomhúil agus tánaisteach) dá mbearta faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html


Fíor 68: Foriomlán na tacaíochta neamh-inaisíochta arna heisioc faoi RRF – an tSlóvaic



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo an méid tacaíochta neamh-inaisíochta a eisiocadh go dtí seo faoi RRF, lena n-áirítear an réamh-mhaoiniú. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh-inaisíochta a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRF faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

Fíor 69: Measúinú garspriocanna agus spriocanna – an tSlóvaic



Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghraf seo sciar na ngarspriocanna agus na spriocanna a comhlíonadh go sásúil. Comhlíontar garsprioc nó sprioc go sásúil nuair a thugann Ballstát fianaise don Choimisiún go bhfuil an garsprioc nó an sprioc bainte amach aige agus go ndearna an Coimisiún measúinú dearfach uirthi i gcinneadh cur feidhme.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html


An Fhionlainn

Chuir an Fhionlainn a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) tosaigh isteach an 27 Bealtaine 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2021 agus formheas na Comhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021, réitíodh an bealach chun EUR 2,1 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Fhionlainn cothrom le dáta thairis sin go méid EUR 1,82 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.

I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an Fhionlainn RRP leasaithe faoi bhráid an Choimisiúin an 26 Eanáir 2023 chun an ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF. Laghdaíodh an leithdháileadh don Fhionlainn EUR 263 mhilliún. Dá dheasca sin, laghdaigh an Fhionlainn an cistiú go comhréireach ar fud na gceithre cholún den phlean. Bhain na ciorruithe le 20 beart sa phlean. D'fhormheas an Coimisiún an RRP athbhreithnithe an 28 Feabhra 2023 agus d'fhormheas an Chomhairle é an 14 Márta 2023. Níor cuireadh aon Chaibidil REPowerEU tráth ullmhaithe na tuarascála bliantúla seo.

Tá sé d'aidhm ag RRP na Fionlainne atá i bhfeidhm faoi láthair aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus digiteach, an margadh saothair, oideachas agus scileanna, T&I, an t-íomáiochas agus an cúram sláinte. Tá sé comhdhéanta de 18 n- athchóiriú agus 37 n- infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha dar luach EUR 1,82 billiún leo, agus cuimsítear 0,7 % den OTI leis. D'eisíoc an Coimisiún EUR 271 mhilliún leis an bhFionlainn i réamh- mhaoiniú an 21 Eanáir 2022, suim atá coibhéiseach le 13 % den leithdháileadh airgeadais.


Tacaíonn RRP na Fionlainne leis an teicneolaíocht ghlas agus leis an teicneolaíocht don ghlas, mar shampla trí chuideachtaí forásacha a mhaoiniú le borradh a chur faoina gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta (TFN) chun tacú leis an aistriú glas.



Tá cur chun feidhme RRP na Fionlainne faoi lán seoil. Síníodh na Comhaontuithe Oibriúcháin idir an Coimisiún agus an Fhionlainn an 19 Meitheamh 2023. Níor cuireadh aon iarratas ar íocaíocht isteach faoin RRP go fóill, rud a thugann le fios an gá le hiarrachtaí chun teacht suas leis an sceideal comhaontaithe d'iarratais ar íocaíocht, cé go bhfuil an chéad iarratas ar íocaíocht á hullmhú.


Léirítear sna graif a leanas an sciar de chistí RRF arna leithdháileadh ar gach colún beartais in RRP na Fionlainne.

Fíor 70: Sciar de chistí RRF arna leithdháileadh ar gach colún beartais – an Fhionlainn



Tabhair faoi deara: Rannchuidíonn gach beart le dhá réimse beartais de na sé cholún. Is ionann an leithdháileadh iomlán chuig gach colún a thaispeántar anseo dá bhri sin agus 200 % de chostas measta an RRP. Sa chuid iochtair léirítear méid an cholúin phríomha, agus sa chuid uachtar léirítear méid an cholúin tánaistigh.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html



Fíor 71: Foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíochta arna heisioc faoi RRF – an Fhionlainn

Commented [OCS2]: This shape has been converted to an inline shape. Please check the position.

Tabhair faoi deara: Léirítear sa ghráf seo an méid tacaíochta neamh- inaisíochta a eisíocadh go dtí seo faoi RRF, lena n-áirítear an réamh- mhaoiniú. Cinntear méid foriomlán na tacaíochta neamh- inaisíochta a thugtar do gach Ballstát de réir eochair leithdháilte agus chostas foriomlán measta an RRF faoi seach.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html

An tSualainn

Chuir an tSualainn a plean téarnaimh agus athléimneachta (RRP) atá i bhfeidhm faoi láthair isteach an 28 Bealtaine 2021. Leis an measúnú dearfach ón gCoimisiún an 28 Márta 2022 agus formheas na Comhairle an 4 Bealtaine 2022, réitíodh an bealach chun EUR 3,3 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha faoi RRF a eisíoc le linn na tréimhse 2021-2026. I gcomhréir le hAirteagal 11(2) RRF, an 30 Meitheamh 2022 tugadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don tSualainn cothrom le dáta thairis sin go méid EUR 3,18 billiún i dtacaíocht neamh- inaisíoctha.

I gcomhthéacs na bhforbairtí geopholaitiúla agus eacnamaíocha atá ann faoi láthair, chuir an tSualainn RRP leasuithe faoi bhráid an Choimisiúin an 24 Lúnasa 2023 chun an ranníocaíocht airgeadais uasta athbhreithnithe a chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán RRF. Áirítear sa RRP athbhreithnithe freisin caibidil nua REPowerEU ina bhfuil athchóirithe agus infheistíochtaí breise agus méadaithe a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh d'fhoirgnimh agus cuíchóiriú na bpróiseas údaraithe chun eangacha leictreachais nua a thógáil. Tá measúnú an Choimisiúin ar aighneacht na Sualainne fós ar siúl tráth a raibh an tuarascáil bhliantúil seo á hullmhú.

Tá sé d'aidhm ag RRP tosaigh na Sualainne, arb é an RRF é atá fós i bhfeidhm, aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an aistriú glas agus digiteach, an margadh tithíochta, an margadh saothair, an t- oideachas, cúram sláinte agus an sciúradh airgid a chomhrac. Tá sé comhdhéanta de 15 athchóiriú agus 12 infheistíocht a dtacaíonn an tacaíocht neamh- inaisíoctha dar luach EUR 3,3 billiún leo, agus cuimsítear 0,5 % den OTI leis.

Áirítear athchóiriú den chóras oiliúna in RRF na Sualainne




Cóipcheart: Rialtas na Sualainne

Cé nár glacadh RRF na Sualainne ach in 2022, tá a chur chun feidhme faoi lán seoil anois. Níor eisíodadh aon chiste go dtí seo leis an tSualainn faoi RRF. Níl iarratas ar íocaíocht curtha isteach ag an tSualainn go fóill. Síníodh an comhaontú oibríochtúil go hoifigiúil i mí na Bealtaine 2023. Tá an cur chun feidhme ag cloí lena sceideal d'ainneoin tús

mall agus, ag an gcéim seo, is cosúil go bhfuil rioscaí neamh- ionsúite teoranta i bhfianaise an leithdháilte airgeadais atá cuibheasach beag. Meastar go gcuirfidh an tSualainn a céad iarratas ar íocaíocht isteach lena gcomhcheanglófar dhá thráthchuid i dtreo dheireadh 2023. Chumhdódh an comhiarratas sin 22 gharsprioc agus sprioc lena rianaítear an dul chun cinn feadh comhpháirteanna uile an RRP, a bhféadfadh eisiocaíocht suas le EUR 1,1 billiún a bheith dá thoradh.

Léirítear sna graif a leanas an sciar de chistí RRF arna leithdháileadh ar gach colún beartais in RRP na Sualainne.

Fíor 72: Sciar de chistí RRF arna leithdháileadh ar gach colún beartais – an tSualainn



Tabhair faoi deara: Rannchuidíonn gach beart le dhá réimse beartais de na sé cholúin. Is ionann an leithdháileadh iomlán chuig gach colún a thaispeántar anseo dá bhri sin agus 200 % de chostas measta an RRP. Sa chuid iochtair léirítear méid an cholúin príomha, agus sa chuid uachtair léirítear méid an cholúin tánaistigh.

Foinse: Scórchlár RRF https://ec.europa.eu/economy_finance/recovery-and-resilience-scoreboard/country_overview.html